



Droichead – Achoimre ar Chineálacha Measúnaithe – Iar-bhunscoil

Measúnú Foirmitheach: Tacú le Dul Chun Cinn Leanúnach

1. Cuspóir

Is cuid lárnach den phróiseas foghlama iad na measúnuithe foirmitheacha do na múinteoirí agus don scoláire araon. Is é an príomhchuspóir atá acu ná chun **eolas a dhéanamh do phleanáil**, chun monatóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim, agus chun dul chun cinn a spreagadh. Is féidir measúnuithe foirmitheacha a thabhairt isteach go héifeachtúil ar an mbealach seo:

2. Roinnt Samplaí de Mheasúnuithe Foirmitheacha

1. Ceisteanna Diagnóiseacha:

- **Cuspóir:** Réamheolas agus míthuiscintí an scoláire a shainnaint.
- **Cur chun feidhme:** Cuir tús le ceachtanna trí cheisteanna a spreagann smaointe.
- **Buntáistí:** Cuir do chur chuige teagaisc in oiriúint bunaithe ar a bhfreagairtí.

2. Ticéid Éalaithe:

- **Cuspóir:** Bailigh aiseolas ag deireadh ranga.
- **Cur chun feidhme:** Iarr ar an scoláire achoimre a dhéanamh ar eochairchoincheapa nó chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama.
- **Buntáistí:** Léargais chun ceachtanna a chur in oiriúint amach anseo.

3. Quizeanna agus Seiceálacha Tapa:

- **Cuspóir:** Déan tuiscint an scoláire a mheas go rialta.
- **Cur chun feidhme:** Uirlisí digiteacha le haghaidh aiseolas ar an bpointe boise.
- **Buntáistí:** Léargais fíor-ama ar thuiscint an scoláire.

4. Breathnóireachtaí agus Díospóireachtaí:

- **Cuspóir:** Déan meastóireacht ar an scoláire le linn dó na coincheapa a chur i bhfeidhm.
- **Cur chun feidhme:** Glac páirt i ndíospóireachtaí seomra ranga, in obair ghrúpa, agus i idirghníomhaíochtaí le comhscoláirí.
- **Buntáistí:** Cuir modhanna teagaisc in oiriúint bunaithe ar bhreathnuithe.

5. Féinmheasúnú agus Piarmheasúnú:

- **Cuspóir:** Tabhair spreagadh don scoláire machnamh a dhéanamh agus aiseolas piara a thabhairt.

- **Cur chun feidhme:** Déanann an scoláire meastóireacht ar a dhul chun cinn féin agus cuireann sé ionchur cuiditheach ar fáil dá phiaraí.
- **Buntáistí:** Cothaíonn sé meiteachognaíocht agus úinéireacht na foghlama.

6. Eagraithe Grafacha nó Mapa Coincheapa:

- **Cuspóir:** Léiriú amhairc ar eolas.
- **Cur chun feidhme:** Déanann an scoláire achoimre ar eolas trí úsáid a bhaint as an eagraí grafach.
- **Buntáistí:** Cuireann sé struchtúr ar fáil le haghaidh eolas neamheagraithe.

3. Roinnt Straitéisí le haghaidh Measúnú Foirmitheach Éifeachtach

- **Amlínte:** Déan measúnuithe foirmitheacha **go rialta** le linn gnáthranganna. Feabhsaíonn aiseolas láithreach foghlaim.
- **Aiseolas:** Cuir aiseolas sonrath ar fáil is féidir a úsáid. Díriú ar láidreachtaí agus ar réimsí feabhsúcháin.
- **Cuir Treoir in Oiriúint:** Úsáid léargais fhoirmitheacha chun modhanna teagasc a chur in oiriúint. Má bhíonn an scoláire ag streachailt le coincheap, téigh ar ais chuige, nó triail cur chuige eile.
- **Cur Chuige Scoláire-Lárnach:** Cuir measúnuithe in oiriúint do na sainriachtanais atá ag an scoláire. Aithin go bhfuil turas foghlama gach scoláire uathúil.
- **Critéir Ratha:** Mol bealaí chun torthaí foghlama a bhaint amach. Cuimsítear le samplaí, seicheamh treoracha, liosta leideanna nó seicliosta.

Measúnú Suimitheach: Foghlaim an Scoláire a Mheasúnú

1. Cuspóir

- **Meastóireacht Chuimsitheach:** Cuirtear athbhreithniú ar fáil i measúnuithe suimitheacha ar fhoghlaim an scoláire ag deireadh aonad teagascach. Cuireann siad ar chumas na múinteoirí a fheabhas a thuig an scoláire an t-ábhar a mheas agus a fheabhas a bhain sé amach na torthaí foghlama.
- **Eolas a dhéanamh do Chinntí Teagasc:** Trí anailísiú a dhéanamh ar thorthaí, is féidir le múinteoirí cinntí eolasacha a dhéanamh faoi éifeachtúlacht a modhanna teagasc, agus faoina dtacaíocht oiriúnaithe don scoláire aonair.
- **Feabhsú Cáilíochta:** Léiríonn na measúnuithe suimitheacha na réimsí ina bhfuil ag éirí leis an scoláire agus na réimsí atá le feabhsú.

2. Roinnt Samplaí de Mheasúnuithe Foirmitheacha

- **Scrúduithe Teastasaithe Stáit:**
 - **An Teastas Sóisearach (TS)**



- **An Ardteistiméireacht (LC)**
- **An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA)**
- **Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP)**

3. Measúnacht Fhoirmitheach agus Shuimitheach a Chothromú

- **Tábhacht:** Cuireann an dá chineál measúnachta le spreagadh agus le foghlaim an scoláire.
- **Aiseolas:** Aiseolas cuiditheach a chur ar fáil don scoláire go rialta.
- **Cuir Treoir in Oiriúint:** Úsáid léargais fhoirmitheacha chun modhanna teagaisc a chur in oiriúint.
- **Dearcadh Iomlánaíoch:** Déan machnamh ar eispéireas an scoláire ina iomláine, agus ní ar thorthaí an scrúdaithe amháin.

